Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2019
(OR. en)

11943/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2019/0187(COD)**

**PECHE 375
PREP-BXT 148
CODEC 1360**

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	4 Meán Fómhair 2019
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2019) 398 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasa leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 maidir le húdaruithe iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe agus oibríochtaí iascaireachta soithí de chuid na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2019) 398 final.

Faoi iamh: COM(2019) 398 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.9.2019
COM(2019) 398 final

2019/0187 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasa leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 maidir le húdaruithe iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe agus oibríochtaí iascaireachta soithí de chuid na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

An 29 Márta 2017, chuir an Ríocht Aontaithe isteach fógra á rá go raibh rún aici tarraingt siar as an Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). An 11 Aibreán 2019, tar éis iarraidh a fháil ón Ríocht Aontaithe, tháinig an Chomhairle Eorpach (Airteagal 50) ar chomhaontú go gcuirfí [1]síneadh eile[2] go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019, leis an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE. Ach amháin má dhaingníonn an Ríocht Aontaithe an Comhaontú um Tharraingt Siar[3] faoin 31 Deireadh Fómhair 2019, sin nó má iarrann sí an tríú síneadh ama, a bheidh le comhaontú ag an gComhairle Eorpach (Airteagal 50) d'aon toil, is ar an lá sin a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE. Ón 1 Samhain 2019 i leith, beidh an Ríocht Aontaithe ina tríú tír gan comhaontú a d'áiritheodh tarraingt siar rianúil. Measann an Coimisiún fós gurb é an toradh is fearr, go dtarraingeodh an Ríocht Aontaithe as an Aontas go rianúil ar bhonn an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2019 maidir leis an 'dul chun cinn atá déanta chun bearta teagmhasachta a ullmhú le haghaidh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach'[4], tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil bearta ullmhachta agus teagmhasachta ar fud an Aontais fós oiriúnach don fheidhm atá leo. Maidir leis an síneadh ama a cuireadh le tréimhse Airteagal 50(3) CAE go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019, is léir, mar sin féin, go raibh tionchar ag an síneadh sin ar bhearta teagmhasachta áirithe a glacadh cheana féin. Tá tionchar aige sin go háirithe ar bhearta teagmhasachta, amhail Rialachán (AE) 2019/498, a bhfuil dáta socraithe ag baint leo ar a scoirfidh siad de bheith infheidhme. Sa Teachtaireacht, gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé na gníomhartha sin a mheas féachaint ar gá oiriúnuithe teicniúla a dhéanamh orthu chun amlíne nua tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach a chur san áireamh.

Glacadh Rialachán (AE) 2019/498,[5] lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403,[6] i Márta 2019 le tréimhse cur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2019. Cuirtear ar fáil leis creat simplithe dlí ionas go bhfeadfaidh an tAontas údaruithe a dheonú do shoithí de chuid na Ríochta Aontaithe dul isteach in uiscí an Aontais agus bainistiú a dhéanamh ar iarrataí ar údaruithe i leith soithí de chuid an Aontais Eorpaigh dul isteach in uiscí na Ríochta Aontaithe, sa chás go ndeimhneofaí cearta rochtana cómhalartacha ar uiscí agus i gcás ina mbeidh na cearta sin i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le deiseanna iascaireachta.

---

1 Cinneadh (AE) 2019/584 ón gComhairle Eorpach, IO L 101, 11.4.2019, lch. 1.

2 An 22 Márta 2019, tar éis iarraidh a fháil ón Ríocht Aontaithe, ghlac an Chomhairle Eorpach cinneadh faoin gcéad síneadh ama (Cinneadh (AE) 2019/476 ón gComhairle Eorpach, IO L 80I, 22.3.2019, lch. 1).

3 Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO, C 1441, 25.4.2019, lch. 1).

4 COM(2019)276 críochnaitheach, 12.6.2019.

5 Rialachán (AE) 2019/498 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 maidir le húdaruithe iascaireachta le haghaidh shoithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe agus maidir le hoibríochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta de chuid na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais (IO L 85 I, 27.3.2019, lch. 25).

6 Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

Beidh creat sealadach den sórt sin fós riachtanach in 2020 in éagmais comhaontú iascaigh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina stádas nua mar thríú tír, agus á chur san áireamh nach mbeidh an Ríocht Aontaithe páirteach i gcinntí a dhéanamh tar éis Thogra an Choimisiúin maidir le deiseanna iascaireachta (atá sceidealta le haghaidh Dheireadh Fómhair 2019) ach amháin má iarrann an Ríocht Aontaithe síneadh ama a chur le tréimhse Airteagal 50(3) agus go n-aontóidh an Chomhairle Eorpach (Airteagal 50) lena hiarratas. Caithfear cuimhneamh freisin go gceanglaítear, le cearta rochtana frithpháirteacha, gníomhaíochtaí iascaireachta a bheith inbhuanaithe i gcomhréir le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh (CBI). In 2018, tráth a raibh an Ríocht Aontaithe fós ina ball den Aontas Eorpach[7]. a socraíodh na deiseanna iascaireachta le haghaidh na bliana 2019 agus, freisin, le haghaidh stoc éisc domhainfharraige na bliana 2020. Is iad na socruithe sin agus na deiseanna iascaireachta a leagtar amach iontu is bunús le hoibríochtaí iascaireachta inbhuanaithe, mar a bhunaítear i Rialachán (AE) 2019/498 tríd an leasú ar Airteagal 38b de Rialachán (AE) 2019/498.

Tá sé d'oibleagáid ar an Ríocht Aontaithe agus ar an Aontas faoin dlí idirnáisiúnta[8] agus faoi dhlí an Aontais a áirithiú le bearta cuí caomhnaithe agus bainistíochta go gcoimeádfar na beo-acmhainní muirí ar leibhéil ar leith ionas nach mbeidh siad i mbaol a róshaothraithe.

Bunóidh an Chomhairle deiseanna iascaireachta an Aontais ar bhonn thogra an Choimisiúin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 chomh maith leis na critéir agus na paraiméadair a leagtar amach sna pleananna bainistíochta is infheidhme atá i bhfeidhm.

I gcomhréir le Airteagal 33(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013,[9] lena mbunaítear, i gcás nach dtagtar ar chomhaontú foirmiúil le tríú tír, gur cheart don Aontas gach iarracht a dhéanamh socruithe coiteanna a bhaint amach maidir le hiascaireacht a dhéanamh ar stoic den sórt sin ionas go bhféadfaí í a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe.

Dá bhrí sin, tá dhá rogha ann lenar féidir a shuíomh an mbeidh na gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe inbhuanaithe le haghaidh 2020. Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh sé go léireofaí sa Rialachán maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2020 na socruithe coiteanna a d'fhéadfaí a dhéanamh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas maidir le deiseanna iascaireachta ar na stoic ábhartha

---

7 Go háirithe, Rialachán (AE) 2019/124 an 30 Eanáir 2019 ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2020 i leith stoic áirithe éisc agus i leith grúpaí de stoic éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais Eorpaigh agus, maidir le soithí iascaireachta an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 29, 31.1.2019, lch. 1) agus Rialachán (AE) 2018/2025 ón gComhairle an 17 Nollaig 2018 lena socraítear, le haghaidh 2019 agus 2020, na deiseanna iascaireachta i leith stoic áirithe éisc dhomhainfharraige le haghaidh soithí iascaireachta an Aontais (IO L 325, 20.12.2018, lch. 7). Féach freisin Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le bainistiú na hiarrachta iascaireachta a bhaineann le limistéir agus acmhainní áirithe iascaireachta agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 685/95 agus (CE) Uimh. 2027/95 (IO L 289, 7.11.2003, lch. 1).

8 Go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus an Comhaontú maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach a chur chun feidhme, ina leagtar amach oibleagáidí maidir le comhar idir chomhpháirtithe i leith bearta caomhnaithe agus bainistíochta atá ceaptha acmhainní muirí a choimeád ar leibhéil ar ar féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach, sin nó iad a thabhairt ar ais chuig na leibhéil sin.

9 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

mar thoradh ar an gcomhairliúchán agus ar choinníoll go ráthófar leis na bearta bainistíochta a chuirfidh an Ríocht Aontaithe agus an tAontas bainistiú inbhuanaithe na stoc sin.

Ar an dara dul síos, má tharlaíonn sé nach bhféadfaidh an Ríocht Aontaithe agus an tAontas na socruithe coiteanna sin a thabhairt i gcrích (e.g. trí bhíthin taifead comhaontaithe) in am lena n-ionchorprú sa Rialachán maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2020, socróidh an Chomhairle na deiseanna iascaireachta bliantúla le haghaidh 2020 don Aontas toisc nach mbeidh ann ach achar ama gearr idir tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas an 1 Samhain 2019 agus Cruinniú Chomhairle na nAirí Iascaigh i mí na Nollag. A luaithe a bheidh a deiseanna iascaireachta socraithe ag an Ríocht Aontaithe le haghaidh bhliain 2020, beifear in ann a mheas an gcomhlíonann na comhdheiseanna iascaireachta na coinníollacha maidir le bainistiú inbhuanaithe na stoc ábhartha.

Dá bharr sin, ní gá, go díreach mar gheall ar gan socrú coiteann a bheith ann, go mbeadh bac ar an Ríocht Aontaithe ná ar an Aontas rochtain a thabhairt ar uiscí a chéile. Sa chás sin, bheadh an dá pháirtí in ann údaruithe iascaireachta a eisiúint do shoithí an pháirtí eile ar choinníoll go gcomhlíonfadh an Ríocht Aontaithe agus an tAontas na coinníollacha maidir le bainistiú inbhuanaithe deiseanna iascaireachta.

Maidir le stoic éisc a rialáiltear faoin gcomhbheartas iascaigh, léirítear an cuspóir maidir le bainistíocht inbhuanaithe i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe in Airteagal 2(2) CBI (Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus sna Rialacháin chomhfhreagracha maidir le pleananna ilbhliantúla don Mhuir Thuaidh agus d'Uiscí an Iarthair (Rialachán (AE) Uimh. 2018/973[10] agus Rialachán (AE) 2019/472[11], faoi seach).

An measúnú ar an gcoinníoll inbhuanaitheachta maidir le húdaruithe iascaireachta a eisiúint do shoithí na Ríochta Aontaithe faoi Rialachán (AE) 2017/2403 arna leasú, déanfar é i gcomhréir le forálacha Theideal IIIa, Airteagal 38b agus 38c go háirithe. Bunófar é ar na deiseanna iascaireachta a comhaontófar faoi shocrú coiteann idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe agus a léireofar ina dhiaidh sin sna Rialacháin ón gComhairle ina socrófar na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2020, nó in éagmais an tsocraithe choitinn sin, nó ar na deiseanna iascaireachta arna socrú ag an Aontas Eorpach sna Rialacháin maidir le Deiseanna Iascaireachta ón gComhairle agus na deiseanna iascaireachta arna socrú ag an Ríocht Aontaithe á gcur san áireamh.

I dtaca le stoic nach rialáiltear de réir cuóta, bunófar an measúnú ar inbhuanaitheacht ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá mbeidh ar fáil maidir leis na stoic sin i bhfianaise dlí ceangailteach an Aontais.

D'fhonn comhlíonadh leanúnach na gcoinníollacha inbhuanaitheachta a áirithiú, ba cheart don Ríocht Aontaithe agus don Aontas an fhaisnéis riachtanach a mhalartú, i gcás inarb ábhartha, maidir le húsáid agus ídiú na ndeiseanna iascaireachta ina gcuid uiscí faoi seach.

---

[10] Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an Dé Céadaoin 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1).

[11] Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

Sa chás go mbunófaí bainistíocht inbhuanaitheach na stoc i gceist, i bhfianaise thábhacht an iascaigh i dtaca le slí bheatha eacnamaíoch cuid mhór pobal cósta, tá sé tábhachtach don Ríocht Aontaithe agus don Aontas an deis a choinneáil teacht ar shocruithe maidir le rochtain leanúnach do shoithí iascaireachta in uiscí a chéile in 2020.

Dá bhrí sin, ba cheart cur chun feidhme na mbeart uile a bhaineann le hoibríochtaí iascaireachta dá bhforáiltear sna bearta teagmhasachta arna nglacadh faoi Rialachán 2019/498 a leathnú go gcumhdóidh siad an bhliain 2020, agus ba cheart Rialachán (AE) 2017/2403 a leasú dá réir.

- **• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é atá sa togra seo leasú teoranta ar Rialachán (AE) 2017/2403, lena gcuirtear síneadh leis an tréimhse a mbeidh feidhm ag na bearta teagmhasachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/498 chun an bhliain 2020 a chumhdach. Leanfaidh forálacha substaintiúla an Rialacháin leasaithe d'fheidhm a bheith acu. Ar an gcaoi sin, tá an togra seo i lán-chomhréir leis an reachtaíocht atá ann cheana.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo mar chuid de phlean ullmhachta agus teagmhasachta an Aontais maolú a dhéanamh ar an suaitheadh is suntasaí a thiocfaidh as tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas gan chomhaontú um tharraingt siar.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é is bunús dlí don togra seo Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Is é atá in CBI réimse inniúlachta eisiaiche de chuid an Aontais de bhun Airteagal 3(d) den Chonradh agus níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta dá bhrí sin.

Leis an ngníomh atá beartaithe, leasófaí Rialachán (AE) Uimh. 2017/2403 ón Aontas le haghaidh na bliana 2020, ionas go dtabharfaí bunús dlí i ndlí an Aontais don fhéidearthacht go ndéanfadh soithí na Ríochta Aontaithe gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais agus go dtabharfaí nósanna imeachta údarúcháin isteach maidir le lucht soithí ar mian leo iascaireacht a dhéanamh in uiscí na Ríochta Aontaithe, ar nósanna imeachta iad a bheadh simplithe agus níos éifeachtúla ná mar a bhí. Dá bhrí sin, is gá gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus ní fhéadfaí an toradh a bhaint amach trí ghníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal na mBallstát mar gheall ar inniúlacht eisiach an Aontais.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta. Meastar go bhfuil an Rialachán atá beartaithe comhréireach toisc gurb é is aidhm dó a áirithiú go bhféadfaí an *status quo* a éascú ó thaobh rochtain shoithí iascaireachta an Aontais ar uiscí na Ríochta Aontaithe trí choinníollacha údarúcháin cómhalartacha a leagan síos. Tríd sin, seachnófar suaitheadh mór agus moilleanna móra ar na nósanna imeachta údarúcháin. Leis an Rialachán atá beartaithe, leantar den chleachtas a bhaineann le cuótaí a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe mar a rinneadh le linn an Ríocht Aontaithe a bheith ina ball den Aontas.

- **An rogha ionstraime**

Is leasú ar Rialachán an gníomh seo.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bheidh sin infheidhme mar gheall ar nádúr uathúil sealadach eisceachtúil na himthoisce a thug gurbh éigean an togra seo a bheartú, imthoisc nach mbaineann le cuspóirí na reachtaíochta atá ann cheana.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Luaigh páirtithe leasmhara iascaigh agus ionadaithe éagsúla de chuid na mBallstát na dúshláin a eascraíonn as tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas mar aon le réitigh fhéideartha. Leag na hoibreoirí, na páirtithe leasmhara agus na Ballstáit lena mbaineann, leag siad go léir béim ar an ngá atá le gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe cómhalartacha a dheimhniú.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Níl aon rogha bheartais ar fáil atá éagsúil ó thaobh ábhair agus dlí de, ach amháin an rogha atá beartaithe. Níl aon rogha bheartais ar fáil atá éagsúil ó thaobh ábhair agus dlí de, ach amháin an rogha atá beartaithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an togra seo ar chosaint ceart bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra.

5. EILIMINTÍ EILE

- **• Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

2019/0187 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasa leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 maidir le húdaruithe iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe agus oibríochtaí iascaireachta soithí de chuid na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[12],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Márta 2017, chuir an Ríocht Aontaithe isteach fógra á rá go raibh rún aici tarraingt siar as an Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe ó dháta teacht i bhfeidhm comhaontaithe um tharraingt siar nó, ina éagmais sin, dhá bhliain tar éis an fhógra sin, mura rud é go gcinnfidh an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, an tréimhse sin a shíneadh.

(2) An 11 Aibreán 2019, tar éis iarraidh a fháil ón Ríocht Aontaithe, tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú go gcuirfí [13] síneadh eile [14] leis an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019. Mura ndéana an Ríocht Aontaithe an Comhaontú um Tharraingt Siar[15] a dhaingniú faoin 31 Deireadh Fómhair 2019, sin nó mura n-iarra sí an tríú síneadh ama, a chomhaontóidh an Chomhairle Eorpach d'aon toil, fágfaidh an Ríocht Aontaithe an tAontas gan chomhaontú agus beidh sí ina tríú tír amhail ón 1 Samhain 2019.

(3) Sa chomhaontú um tharraingt siar tá socruithe le haghaidh cur i bhfeidhm forálacha de dhlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus laistigh den Ríocht Aontaithe tar

[12] IO C , , lch. .

[13] Cinneadh (AE) 2019/584 ón gComhairle Eorpach arna dhéanamh i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe an Déardaoin 11 Aibreán 2019 lena gcuirtear síneadh leis an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE (IO L 101 I, 11.4.2019, lch. 1).

[14] Cinneadh (AE) 2019/476 ón gComhairle Eorpach arna dhéanamh i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe an 22 Márta 2019 lena gcuirtear síneadh leis an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE (IO L 80 I, 22.3.2019, lch. 1).

[15] Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO C 1441, 25.4.2019, lch. 1).

éis an dáta a scoirfidh feidhm de bheith ag na Conarthaí maidir leis an Ríocht Aontaithe agus laistigh den Ríocht Aontaithe. Má thagann an comhaontú sin i bhfeidhm, beidh feidhm ag an gComhbheartas Iascaigh (CBI) maidir leis an Ríocht Aontaithe agus laistigh den Ríocht Aontaithe le linn na hidirthréimhse i gcomhréir leis an gcomhaontú sin agus scoirfidh an reachtaíocht sin d'fheidhm a bheith aici ag deireadh na tréimhse sin.

(4) De réir mar a fhoráiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 ("UNCLOS") agus i gComhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach an 4 Lúnasa 1995 ("UNFSA") a chur chun feidhme, chun stoic éisc áirithe chomhroinnte, stoic éisc traslimistéir áirithe agus stoic éisc mhór-imirceacha áirithe a bhainistiú, teastaíonn comhar gach tíre a bhfuil an stoc ina huiscí (na Stáit chósta) agus na tíortha a saothraíonn a gcabhlaigh an stoc sin (na Stáit iascaireachta).

(5) Dá bhrí sin, is gá a áirithiú go n-áiritheofar, leis na deiseanna gabhála uile a bheidh ar fáil don Aontas agus don Ríocht Aontaithe, go ndéanfar bainistíocht inbhuanaithe ar na stoic ábhartha.

(6) Le Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] leagtar amach na rialacha maidir le húdaruithe iascaireachta a eisiúint do shoithí agus údaraithe a bhainistiú le haghaidh soithí in uiscí faoi cheannasacht nó faoi dhlínse tríú tír agus do shoithí iascaireachta tríú tír agus iad i mbun oibríochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais.

(7) Rialachán (AE) 2019/498 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1403 maidir le húdaruithe iascaireachta le haghaidh shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe agus maidir le hoibríochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais. Cuireadh san áireamh ansin an deis do shoithí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe leanúint de rochtain iascaireachta a bheith acu ar uiscí a chéile. Tugadh isteach córas solúbtha chomh maith faoina bhféadfadh an tAontas cuótaí a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe tar éis do na Conarthaí scor d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe. Is gá síneadh a chur le tréimhse cur i bhfeidhm na bhforálacha sin chun go bhféadfar údaruithe iascaireachta a eisiúint maidir le huiscí a chéile in éagmais comhaontú iascaireachta arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe mar thríú tír, ar choinníoll go leanann bainistíocht na stoc ábhartha de bheith inbhuanaithe agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa chomhbheartas iascaigh agus sna Rialacháin ón gComhairle lena mbunaítear deiseanna iascaireachta.

(8) In 2018 a socraíodh na deiseanna iascaireachta le haghaidh na mblianta 2019 agus 2020 agus stoc éisc domhainfharraige na bliana 2019 freisin, nuair a bhí an Ríocht

---

16 Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

17 Rialachán (AE) 2019/498 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 maidir le húdaruithe iascaireachta le haghaidh shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe agus maidir le hoibríochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais (IO L 85 I, 27.3.2019, lch. 25).

Aontaithe fós ina ball den Aontas Eorpach[18]. Is iad na socruithe sin agus na deiseanna iascaireachta a leagtar amach iontu is bunús le hinbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí iascaireachta sin. Maidir leis na deiseanna iascaireachta eile do 2020, tá sé riachtanach inbhuanaitheacht na ndeiseanna iascaireachta a áirithiú.

(9) Mura ndéanfar an Comhaontú um Tharraingt Siar a dhaingniú faoin 31 Deireadh Fómhair 2019, agus má tharraingíonn an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas an 1 Samhain 2019, d'fhéadfadh nach mbeadh sé indéanta ag an Ríocht Aontaithe agus ag an Aontas teacht ar shocrú coiteann maidir leis na deiseanna iascaireachta ar na stoic ábhartha le haghaidh 2020 in am do chruinniú Chomhairle na nAirí Iascaigh i Nollaig 2019, cruinniú ar a bhfuil sé beartaithe na deiseanna iascaireachta a shocrú don bhliain dar gcionn. Ní gá, go díreach mar gheall ar gan socrú coiteann a bheith ann, go mbeadh bac ar an Ríocht Aontaithe ná ar an Aontas rochtain a thabhairt ar uiscí a chéile. Sa chás sin, bheidís in ann údaruithe iascaireachta a eisiúint do shoithí a chéile ar choinníoll go gcomhlíonfaidís na coinníollacha maidir le bainistiú inbhuanaithe na stoc ábhartha.

(10) Dá bhrí sin, i bhfianaise na bhforálacha agus na gcoinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/2403, agus mar réamhchoinníoll maidir le heisiúint údaruithe iascaireachta, beidh ar an Aontas a mheas an bhfuil comhéifeacht na n-oibríochtaí iascaireachta a bheidh socraithe i mbearta bainistíochta a chuir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas ar bun le haghaidh 2020 ag teacht le bainistíocht inbhuanaithe na stoc lena mbaineann.

(11) Is i bhfianaise na comhairle eolaíche is fearr faoi na stoic lena mbaineann, forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus na gcritéar agus na bparaiméadar a leagtar amach sna pleananna bainistíochta is infheidhme a bheidh i bhfeidhm agus na Rialachán ábhartha ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2020 a mheasfar a chomhsheasmhaí atá comhdheiseanna iascaireachta an Aontais agus na Ríochta Aontaithe le bainistíocht inbhuanaithe na stoc.

(12) I gcás inar féidir comhsheasmhacht a áirithiú, tá sé tábhachtach go gcoinneofaí an deis ar fáil ar shocruithe a dhéanamh chun go mbeidh rochtain iascaireachta chómhalartach ag soithí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe ar uiscí a chéile in 2020, i bhfianaise thábhacht an iascaigh do shlí bheatha eacnamaíoch cuid mhór pobal cósta.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart cur chun feidhme na mbeart uile a bhaineann le hoibríochtaí iascaireachta dá bhforáiltear sna bearta teagmhasachta arna nglacadh faoi Rialachán 2019/498[19] a leathnú go gcumhdóidh siad an bhliain 2020, agus ba cheart Rialachán (AE) 2017/2403 a leasú dá réir.

(14) Maidir le raon feidhme críochach an Rialacháin seo agus aon tagairt don Ríocht Aontaithe ann, ní áirítear Giobráltar ann.

---

[18] Rialachán (AE) 2019/124 an 30 Eanáir 2019 ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta do 2019 i leith stoic áirithe éisc agus i leith grúpaí de stoic éisc is infheidhme in uiscí an Aontais Eorpaigh agus, maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 29, 31.1.2019, lch. 1). Rialachán (AE) 2018/2025 ón gComhairle an 17 Nollaig 2018 lena socraítear le haghaidh 2019 agus 2020 na deiseanna iascaireachta i leith stoic áirithe éisc dhomhainfharraige do shoithí iascaireachta an Aontais (IO L 325, 20.12.2018, lch. 7).

[19] Rialachán (AE) 2019/498 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 maidir le húdaruithe iascaireachta le haghaidh shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe agus maidir le hoibríochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais (IO L 85 I, 27.3.2019, lch. 25).

(15) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne, agus ba cheart feidhm a bheith aige ón lá tar éis an lae a scoirfidh na Comharthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe, ach amháin i gcás go mbeidh comhaontú um tharraingt siar, arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe, tagtha i bhfeidhm faoin dáta sin. Ba cheart feidhm a bheith aige go dtí an 31 Nollaig 2020.

(16) Chun go mbeidh oibreoirí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe araon in ann leanúint de bheith ag iascaireacht i gcomhréir lena ndeiseanna ábhartha iascaireachta, níor cheart údaruithe iascaireachta le haghaidh gníomhaíochtaí in uiscí an Aontais a dheonú ar shoithí na Ríochta Aontaithe má mheasann an Coimisiún, agus ag brath ar a mhéid a mheasann sé, go ndéanfaidh an Ríocht Aontaithe cearta rochtana a thabhairt do shoithí an Aontais chun dul i mbun oibríochtaí iascaireachta in uiscí na Ríochta Aontaithe ar bhonn na cómhalartachta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 mar a leanas:

(1) In Airteagal 18a, cuirtear "31 Nollaig 2020" in ionad "31 Nollaig 2019";

(2) In Airteagal 38 a, cuirtear "31 Nollaig 2020" in ionad "31 Nollaig 2019";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 38b:

"*Airteagal 38b*

Oibríochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe

Féadfaidh soithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh in uiscí an Aontais i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sna Rialacháin ón gComhairle lena mbunaítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2019 agus 2020, ar choinníoll go mbeidh na deiseanna iascaireachta a bheidh socraithe ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe araon ag teacht le bainistiú inbhuanaithe na stoc ábhartha i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1380/2013.";

(4) In Airteagal 38c(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

"(f) I gcás inarb infheidhme, tá deiseanna iascaireachta ar fáil don Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 38b.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón dáta tar éis an dáta a scoirfidh feidhm de bheith ag na Conarthaí maidir leis an Ríocht Aontaithe agus laistigh den Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 50(3) CAE, go dtí an 31 Nollaig 2020.

Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo má bhíonn comhaontú um tharraingt siar, arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 50(2) CAE, tagtha i bhfeidhm faoin dáta tar éis an dáta a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*